

Ar shlí na fírinne

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin ómós atá á léiriú do bheirt mhórfhíle a fuair bás le gairid. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh tú féin agus an duine in aice leat a bhfuil ar eolas agat faoin mbeirt.



Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- ❖ eloquence: _____
- ❖ pioneer: _____
- ❖ vivacious / exuberant: _____
- ❖ assured / forceful: _____
- ❖ unapologetic: _____
- ❖ it's akin to: _____
- ❖ an extraordinary heritage: _____
- ❖ lover: _____
- ❖ abundance: _____
- ❖ affection: _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus breac síos:

- 1) an méid a fhoghlaimíonn tú faoi shaol gairmiúil na beirte.
- 2) na haidiachtaí a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar Máire Mhac an tSaoi.
- 3) an tuairim a bhí ag muintir na tíre faoi Brendan Kennelly.

Pléigh an méid a scríobh tú leis an duine in aice leat.

Ceist 4 ‘... *ba dhuine neamhspleách í...*’

Athscríobh na habairtí thíos anois san aimsir chaite.

1. Is duine faiteach é.
2. Ní duine deisbhéalach í.
3. Is freagra maith é sin.
4. Nach dalta scoile é?
5. An dochtúir é?
6. Is fiú duit é a rá.
7. Is fear cairdiúil é.
8. Nach lá deas atá ann inniu?
9. Is aisteoir í.
10. Is cara liom í.

Ceist 5 Tá cúig shéimhiú in easnamh sa sliocht thíos. Líon isteach na cinn atá fágtha ar lár anois.

Ailbhe Ní Ghearbhuigh, File

Bean ar leith, bean eisceachtúil a bhí i Máire Mhac an tSaoi, a bain an oiread amach lena beo. Tá sí ag fágáil oidhreacht suaithinseach ina diaidh, ní hamháin ina cuid filíochta ach ina cuid próis freisin. Cuimhnímid uirthi, go háirithe mar file a thug aghaidh chomh cróga, chomh misniúil sin ar an ngrá, mar leannán, mar máthair agus mar chara.

Maolra M Mac Donnchadha

Bhí flúirse filíochta freisin ó peann Brendan Kennelly, Ollamh i gColáiste na Tríonóide agus duine a raibh gean ag cách air agus é go minic ar an teilifís agus ar an raidió.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An léann tú filíocht? Cén fáth?
2. Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leis an bhfilíocht agus ag an litríocht go ginearálta sa tsochaí?
3. Cén fáth a ndeirtear gur ceannródaí a bhí i Máire Mhac an tSaoi?
4. Cad iad na bealaí ar fad atá ar eolas agat chun comhbhrón a dhéanamh le duine?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag obair ar an ngníomhaíocht seo sula seinnfear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

eloquence:	<i>deisbhéalaí (deisbhéalaíocht)</i>
pioneer:	<i>ceannródaí</i>
vivacious / exuberant:	<i>spleodrach</i>
assured / forceful:	<i>teann</i>
unapologetic:	<i>neamhleithscéalach</i>
it's akin to:	<i>is geall le</i>
an extraordinary heritage:	<i>oidhreacht shuaithinseach</i>
lover:	<i>leannán</i>
abundance:	<i>flúirse</i>
affection:	<i>gean</i>

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Is duine faiteach é.
Ba dhuine faiteach é.
2. Ní duine deisbhéalach í.
Níor dhuine deisbhéalach í.
3. Is freagra maith é sin.
Ba fhreagra maith é sin.
4. Nach dalta scoile é?
Nár dhalta scoile é?
5. An dochtúir é?
Ar dhochtúir é?
6. Is fiú duit é a rá.
B'fhiú duit é a rá.
7. Is fear cairdiúil é.
B'fhear cairdiúil é.
8. Nach lá deas atá ann inniu?
Nár lá deas a bhí ann inné?
9. Is aisteoir í.
B'aisteoir í.
10. Is cara liom í.
Ba chara liom í.

Ceist 5

Ailbhe Ní Ghearbhuigh, File

Bean ar leith, bean eisceachtúil a bhí i Máire Mhac an tSaoi, a bhain an oiread amach lena beo. Tá sí ag fágáil oidhreacht shuaithinseach ina diaidh, ní hamháin ina cuid filíochta ach ina cuid próis freisin. Cuimhnimid uirthi, go háirithe mar fhile a thug aghaidh chomh cróga, chomh misniúil sin ar an ngrá, mar leannán, mar mháthair agus mar chara.

Maolra M Mac Donnchadha

Bhí flúirse filíochta freisin ó pheann Brendan Kennelly, Ollamh i gColáiste na Tríonóide agus duine a raibh gean ag cách air agus é go minic ar an teilifís agus ar an raidió.

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Bealaí samplacha chun comhbhrón a chur in iúil:

- B'oth liom a fháil amach go bhfuair Pádraig bás.
- Déanaim comhbhrón leat agus an teaghlach ar fad.
- Ábhar mór bróin é bás d'athair.
- Ní maith linn do bhris.
- Táimid ag smaoineamh ort agus ar do theaghlach ar fad ag an am deacair seo.
- Ár gcomhbhrón ó chroí

Eimear Ní Chonaola

Tá ómós á léiriú do bheirt de mhórfhilí na tíre a bhásaigh inné. Bhí meas agus aithne go forleathan ar shaothar Mháire Mhac an tSaoi agus Brendan Kennelly. Beirt a raibh deisbhéalaíocht¹ focal luaite go láidir leo.

Maolra M Mac Donnchadha

Ceannródaí, go poiblí agus go pearsanta i saol na mban agus an phobail i gcoitinne, i litríocht na Gaeilge agus dioscúrsa an Bhéarla.

Paula Kehoe, Stiúrthóir ‘Deargdhúil’

Bhí an saol inmheánach sin aici, i bhfad níos cumhachtaí ar bhealach ná an saol poiblí, cé go raibh sí cáiliúil. Bhí an saghas, na mothúcháin a bhí aici, agus an saghas aire a thug sí don saol sin – an saol inmheánach aici, go raibh sé sin cineál spleodrach ar bhealach ach faoi smacht aici freisin.

Louis de Paor, File agus Léachtóir

Ó thosach deireadh a saoil, ba dhuine neamhspleách, údarásach, teann í ina pearsa agus ina cuid filíochta. Agus a rá gur sa Ghaeilge a tháinig an glór baineann neamhleithscéalach sin chun cinn, san daichidí den gcéad seo caite, sara dtáinig² a mhacasamhail chun cinn sa Bhéarla agus i dteangacha eile, is geall le míorúilt é sin is dóigh liom. Ní hamháin go bhfuil sí le háireamh i measc phríomhfhilí na Gaeilge agus na hÉireann, tá sé le háireamh go hard i measc na mbanscríbhneoirí is fearr dá raibh ag scríobh in aon teanga.

Ailbhe Ní Ghearbhuigh, File

Bean ar leith, bean eisceachtúil a bhí i Máire Mhac an tSaoi, a bhain an oiread amach lena beo. Tá sí ag fágáil oidhreacht shuaithinseach ina diaidh, ní hamháin ina cuid filíochta ach ina cuid próis freisin. Cuimhnimid uirthi, go háirithe mar fhile a thug aghaidh chomh cróga, chomh misniúil sin ar an ngrá, mar leannán, mar mháthair agus mar chara.

Maolra M Mac Donnchadha

Bhí flúirse filíochta freisin ó pheann Brendan Kennelly, Ollamh i gColáiste na Tríonóide agus duine a raibh gean ag cách air agus é go minic ar an teilifís agus ar an raidió.

Gabriel Fitzmaurice, File

Bhí mé an-chairdiúil leis. Thug sé an-chuid cabhrach dom agus mé ag fás suas mar fhile. Agus is file, fathach, fealsúnaí agus fear léanta ab ea é. Do bhí grá ag gach duine sa tír seo ar Brendan féin agus ar a chuid filíochta agus mairfidh sé go deo.

Eimear Ní Chonaola

Beannacht Dé leo beirt.

¹ *deisbhéalaí* an leagan caighdeánach

² *sular tháinig* an leagan caighdeánach